Déardaoin 20. Eanáir 2022

P9_TA(2022)0010

Neamhagóid i dtaobh gníomh tarmligthe: rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro.

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa maidir le gan aon agóid a dhéanamh i gcoinne rialachán tarmligthe ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (C(2021)09119 – 2021/3009(DEA))

(2022/C 336/14)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don rialachán tarmligthe ón gCoimisiún (C(2021)09119),

— ag féachaint do litir ón gCoimisiúin an 7 Nollaig 2021 ag iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa a dhearbhú nach ndéanfaidh sí aon agóidí i gcoinne an rialacháin tharmligthe,

— ag féachaint do litir an 11 Eanáir 2022 ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe chuig an gCathaoirleach ar Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí,

— ag féachaint d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 11(1), Airteagal 23(2), Airteagal 38(2), Airteagal 40(3), Airteagal 41(3), Airteagal 47(1), Airteagal 52(1), Airteagal 54(4), Airteagal 55(6), Airteagal 64(3), Airteagal 76(2), Airteagal 94(5) agus (6) agus Airteagal 102 de,

— ag féachaint do Riail 111(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh le haghaidh cinneadh ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don fhíoras nach ndearnadh aon agóidí laistigh den tréimhse a leagtar síos i Riail 111(6), an tríú fleasc agus an ceathrú fleasc, dá Rialacha Nós Imeachta, ar tréimhse í a chuaigh in éag an 20 Eanáir 2022,

A. de bhrí go leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/2116 rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro;

B. de bhrí go gceanglaítear le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] ar na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha comhbheartais talmhaíochta (CBT) a thíolacadh lena bhformheas ag an gCoimisiún;

C. de bhrí, sa dréachtrialachán tarmligthe, rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro, go bhfuil nasc substainteach agus idirnascadh eatarthu maidir le caiteachas CBT a bhainistiú ó lá go lá, agus gur iomchuí, dá bhrí sin, na rialacha sin a leagan síos sa rialachán tarmligthe céanna;

---

[1] Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

[2] Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

Déardaoin 20. Eanáir 2022

D. de bhrí, sa dréachtrialachán tarmligthe, go socraítear rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro chun CBT nua a bhainistiú ó lá go lá, ar gá do na Ballstáit é a aistriú isteach ina bPleananna Straitéiseacha CBT agus de bhrí gurb iomchuí, dá bhrí sin, a mheas go bhfuil na rialacha sin práinneach;

1. á dhearbhú nach bhfuil aon agóidí á ndéanamh aici i gcoinne an rialacháin tharmligthe;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.